



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL
ÁTHA
CLIATH

Scéim Teanga 2013 - 2016

Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003



Clár na nÁbhar

■ 1. Réamhrá agus Cúlra

Treoirlínte le haghaidh ullmhú na Scéime
An Próiseas Comhairliúcháin
Grúpa Oibre
Dáta tosaithe na Scéime

■ 2. Forléargas ar Choláiste na Tríonóide

- 2.1 Misean agus Cuspóirí
- 2.2 An Propast
- 2.3 Struchtúir Bhainistíochta agus Riaracháin
- 2.4 Seirbhísí Acadúla
- 2.5 Seirbhísí Riaracháin
- 2.6 Saol an Mhic Léinn
- 2.7 Seirbhísí arna soláthar faoi láthair trí mheán an Bhéarla
- 2.8 Seirbhísí arna soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge
- 2.9 An Ghaeilge i saol Choláiste na Tríonóide

■ 3. Gealltanais faoin Scéim Teanga

- 3.1 Achoimre ar chuspóirí na Scéime
- 3.2 Seirbhísí Custaiméirí Díreacha
- 3.3 Seirbhísí Idirghníomhacha
- 3.4 Suíomhanna gréasáin, Cumarsáid agus na Meáin
- 3.5 Foirmeacha, foilseacháin agus ábhar clóite
- 3.6 Teicneolaíocht Faisnéise
- 3.7 Earcaíocht foirne, ionduchtú agus oiliúint i nGaeilge
- 3.8 Scéimeanna Cónaitheacha Gaeilge
- 3.9 Polasáí na Gaeilge
- 3.10 Gradaim na Gaeilge
- 3.11 Seomra na Gaeilge

■ 4. Cur i nGníomh agus Monatóireacht na Scéime

■ 5. An Scéim a Phoibliú

1. Réamhrá agus Cúlra

Seoladh an chéad Scéim Teanga a d'ullmhaigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i bhFeabhra na bliana 2010 (scéim a chlúdaigh an tréimhse trí bliana ó Eanáir 2010 go dtí Nollaig 2012). Forálann Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (An tAcht) go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina mbeadh sonraíthe na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge amháin,
- trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Tá cur síos sa Scéim ar na bearta a ghlacfar lena chinntiú i gcás seirbhísí áirithe nach soláthraítear faoi láthair trí mheán na Gaeilge, go gcuirfear iad ar fáil laistigh de thréimhse ama a aontófar, mar is iomchuí. Beidh éifeacht leis an scéim ar feadh tréimhse trí bliana. Tá an Dara Scéim Teanga á foilsiú ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, de réir forálacha an Achta, agus beidh sí i bhfeidhm ón 18 Samhain 2013 go 17 Samhain 2016. Leanann an scéim seo ar aghaidh ag cur leis an gcéad scéim a d'ullmhaigh Coláiste na Tríonóide agus comhlánaíonn an scéim prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí.

Treoirínite le haghaidh ullmhú na Scéime

Forálann Alt 12 an Achta go ndéanfadh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta treoirínite a ullmhú agus go seolfadh an tAire na treoirínite sin chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú leo agus a ndrúacht-scéimeanna á n-ullmhú acu. Tá an scéim dréachtaithe i gcomhréir leis na treoirínite agus bunaithe ar na gealltanais uile atá á gcur i ngníomh trí aon scéim eile a bhí i bhfeidhm roimhe seo. I gcás na ngealltanais a tugadh sna scéimeanna a bhí i bhfeidhm roimhe agus nár cuireadh i ngníomh go hiomlán le linn tréimhse na scéimeanna sin, déanfar / rinneadh na cúrsaí sin a phlé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

An Próiseas Comhairliúcháin

De réir Alt 13 an Achta, d'fhoilsigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, fógra sa nuachtán Gaeilge Gaelscéal an 7 Samhain 2012, ag tabhairt cuireadh do pháirtithe leasmhara uirill a dhéanamh i ndáil le hullmhú na dréacht-Scéime. Tugadh cuireadh chomh maith do bhaill foirne agus do mhic léinn an Choláiste aighneachtaí a chur isteach. Reáchtáladh comhairliúcháin le réimse leathan oifigí agus rannóg i gColáiste na Tríonóide. Fuarthas aighneachtaí ar ais ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, ó Chonradh na Gaeilge agus ón gCumann Gaelach (cumann Gaeilge na mac léinn). Tugadh na haighneachtaí san áireamh le linn ullmhú na scéime seo.

Grúpa Oibre

Leagadh cúraimí an taisc chun comhairle agus stiúradh a sholáthar i ndáil le hullmhú an dara scéim seo ar Ghrúpa Forfheidhmithe Acht na dTeangacha Oifigiúla, grúpa a bhfuil ionadaithe páirteach ann ó réimse rannóg feidhmithe a bhíonn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus rialála an Choláiste. Is fochoiste an grúpa ionadaithe seo de chuid Choiste na Gaeilge, Coiste Gaeilge an Choláiste. Tugtar aitheantas dóibh siúd ar fad a bhí páirteach sa phróiseas seo agus glactar buíochas leo as ucht a gcuid ama agus a saothar.

Dáta tosaithe na Scéime

Cuirfear tús le héifeacht leis an Scéim an 18 Samhain 2013, agus beidh an Scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin, nó go dtí go mbeidh Scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun alt 15 an Achta, cibé is deireanaí.

2. Forléargas ar Choláiste na Tríonóide

2.1 Misean agus Cuspóirí

Bunaíodh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, in 1592 le cairt ollscoile ón mBanríon Eilís I agus lonnaíodh é ar shuíomh a fuarthas ó Bhardas Átha Cliath.

Le himeacht na gcéadta bliain tá fás agus forbairt tagtha ar Choláiste na Tríonóide, atá anois mar ollscoil nua-aimseartha le 16,800 mac léinn cláraithe (figiúirí 2011-2012) agus le 2,936 ball foirne. Tá cáil ar an gColáiste mar cheann de mhór-ollscoileanna an domhain, a aithnítear go forleathan mar gheall ar ardchaighdeán a gcéimithe, an stádas idirnáisiúnta atá bainte amach i réimsí taighde agus scoláireachta agus an fiúntas a leagann an Coláiste ar chur le sochaí na hÉireann agus le sochaí an domhain i gcoitinne.

I bPlean Straitéiseach Choláiste na Tríonóide 2009-2014, leagtar amach an Fhís agus an Misean seo a leanas don Choláiste:

Fís

Déanfaidh Coláiste na Tríonóide a chlú mar ollscoil iarmharta dhomhanda a threisiú agus a chur chin cinn. Déanfar an fhís seo a thabhairt chun críche trínár luachanna a léiriú go praiticiúil agus go háirithe trínár dtiomantas láidir maidir le saoirse fiosraithe intleachtúil agus labhartha a léiriú agus trí bhéim a leagan ar luach an duine aonair.

Misean

Trínár dtaighde agus ár dteagasc, cuirimid mic léinn agus an tsochaí ar thóir an eolais, in iarracht barr feabhais a bhaint amach sna gnéithe uile a mbíonn lámh againn iontu, agus muid ag tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna atá romhainn mar chine le cruthaitheacht agus le samhlaíocht.

I ndáil lena ngealltanais maidir leis an pPobal i gCoitinne, dearbhaíonn Coláiste na Tríonóide faoi reachtanna na hOllscoile an méid seo a leanas: “Nuair is iomchuí, déanfaidh an Coláiste na nithe seo a chur i gcrích trí Ghaeilge agus an Ghaeilge a chur chun cinn”. I ndáil leis an nGaeilge, gealltar sa Phlean Straitéiseach próifíl Choláiste na Tríonóide a ardú mar ionad le haghaidh gníomhaíochtaí acadúla agus cultúrtha trí Ghaeilge. Sonraítear sa Phlean go “gcuirfidh Coláiste na Tríonóide le líon na n-imeachtaí poiblí trí Ghaeilge, trí dhrámaí, ócáidí léitheoireachta agus díospóireachtaí a réachtáil ar champas. Chun cuidiú linn an cuspóir sin a bhaint amach, agus chun próifíl Choláiste na Tríonóide a ardú mar ionad gníomhaíochtaí acadúla agus cultúrtha Gaeilge, forbróimid comhpháirtíochtaí cruthaitheacha le heagraíochtaí Gaeilge”.

2.2 An Propast

Is é an Propast 'Ceann an Choláiste' agus is é an Príomhoifigeach chomh maith mar a shonraítear in Acht na nOllscoileanna 1997. (Is ionann an Propast agus an tUachtarán nó an Leas-Seansailéir i roinnt ollscoileanna). Tá an Propast ina chathaoirleach ar an mBord agus ar Chomhairle na hOllscoile agus ar an gCoiste Airgeadais. Tá an Propast atá againn faoi láthair in oifig ó Lúnasa 2011.

2.3 Struchtúir Bhainistíochta agus Riaracháin*

Oifigigh Bhliantúla

Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil

Léachtóir Sinsearach

Cláraitheoir

An Déan Taighde

Déan an Léinn Iarchéime

An Sparánaí

Déan na Mac Léinn

An Déan Sinsearach agus an Déan Sóisearach

An Prócadóir Sinsearach agus an Prócadóir Sóisearach

An tOide Sinsearach

An tÓráidí Poiblí

An tOifigeach Idirchaidreamh Pobail

* Nóta ar struchtúir riaracháin agus acadúla sa Choláiste

Tabhair aire go bhfuil na struchtúir riaracháin agus acadúla a dhéantar cur síos orthu sa Scéim seo faoi réir ag próiseas leanúnach START. Cuireadh tús le clár START i ndáil le hatheagrú ar struchtúir riaracháin agus rialachais an Choláiste in 2011. Is mar gheall nach féidir misean an Choláiste a bhaint amach ach amháin nuair a bhíonn aonaid riaracháin agus acadúla ag obair le chéile go sítheach, ar aon líne le agus de réir aonfhoirmeacht na gcrióch, a bhfuil sé mar aidhm ag START struchtúir agus cleachtais a athchóiriú d'fhonn a chinntiú go bhfuil Coláiste na Tríonóide sa suíomh is fearr mar ollscoil iomaíoch domhanda. Tá an t-atheagrú riaracháin seo, lena n-áirítear inter alia Seirbhísí Acadúlú, Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí Airgeadais, fós mar chuid de phróiseas athraitheach ag an tráth a chuirtear an scéim seo isteach (Mí na Samhna 2013).

Oifigigh Fheidhmiúcháin

Propast agus Uachtarán

An Leas-Phropast, Príomhoifigeach Acadúil & Leas-Uachtarán

An Príomhoifigeach Oibriúcháin (COO)

Déan Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Déan Dhámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta

Déan Dhámh na Eolaíochtaí Sláinte

An Déan agus Leas-Uachtarán Taighde

Ceann Eatramhach Scoil an Leighis

An Leas-Uachtarán um Chaidrimh Dhomhanda

An Sparánaí agus Stiúrtóir na dTionscnamh Straitéiseacha

An Príomhoifigeach Airgeadais

Rúnaí an Choláiste

Stiúrtóir Acmhainní Daonna

2.4 Seirbhísí Acadúla*

An phríomhsheirbhís a sholáthraíonn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ná an t-oideachas agus an taighde.

Tá an Coláiste eagraithe i dtrí dhámh: Ealaíona, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta; Innealtóireacht, Matamaitic agus Eolaíocht; agus Eolaíochtaí Sláinte.

Tá Déan dáimhe mar cheann ar gach dámh.

Tá na Dámha roinnte i Scoileanna (tá 24 Scoil ar an bhfód faoi láthair).

Soláthraíonn na Scoileanna seirbhísí oideachais an Choláiste, idir chúrsaí fochéime agus iarchéime. Bronntar teastais, dioplómaí nó céimeanna. Soláthraíonn na Scoileanna deiseanna taighde do mhic léinn chomh maith, agus bronntar ardchéimeanna mar thoradh air sin.

Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Scoil an Ghnó

Scoil Drámaíochta, Scannánaíochta agus Ceoil

Scoil an Oideachais

Scoil an Bhéarla

Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí

Scoil na dTeangacha na Litríochtaí agus na gCultúr

Scoil an Dlí

Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide

Scoil na Síceolaíochta

Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta

Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta

Scoil Chónasctha na Reiligiún, na Diagachta agus na hÉacúiméinice

■ Dámh na hInnealtóireachta na Matamaitice agus na hEolaíochta

Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta
Scoil na Ceimice
Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí
Scoil na hInnealtóireachta
An Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta
Scoil na Matamaitice
Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha
Scoil na Fisice

■ Dámh na nEolaíochtaí Sláinte

Scoil na hEolaíochta Déadaí
Scoil an Leighis
Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais
Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta

Cúrsaí Fochéime

Is gá ar a laghad ceithre bliana a chaitheamh le formhór na gcúrsaí fochéime. Seo a leanas a thugtar ar na mic léinn éagsúla: Bliain 1: Mic Léinn na Chéad Bhliana; Bliain 2: Mic Léinn an Dara Bliain; Bliain 3: Sofaistithe Sóisearacha agus Bliain 4: Sofaistithe Sinsearach. Bíonn mic léinn fochéime i dteideal céim onóracha tar éis ceithre bliana staidéir m.sh. Baitsiléir Ealaíon (BA). I gcásanna eisceachtúla (chomh maith le roinnt ábhar gairmiúil mar leigheas agus innealtóireacht) féadtar gnáthchéim a bhronnadh (i gcodarsnacht le céim onóracha) tar éis trí bliana staidéir.

Cúrsaí Iarchéime

Ag leibhéal na hiarchéime, tairgeann Coláiste na Tríonóide réimse céimeanna taighde agus teagaisc sna dámha ar fad. Tá 29% de mhic léinn an Choláiste ag leibhéal na hiarchéime. I dteannta na gcéimeanna acadúla, tairgeann an Coláiste cáilíochtaí dioplóma iarchéime (nach céimeanna iad) go díreach nó i gcomhar le hinstiúidí gaolmhara.

Cúrsaí Seachtracha

Tairgeann Coláiste na Tríonóide réimse cúrsaí seachtracha i ndisciplíní éagsúla.

Leabharlann Choláiste na Tríonóide

Tá Leabharlann Choláiste na Tríonóide ar an leabharlann is mó in Éirinn. Tá an bailiúchán lámhscríbhinní agus leabhar clóite á chruinniú ó dheireadh an séú céad déag. I dteannta na n-ábhar a ceannaíodh agus a deonaíodh in imeacht ceithre chéad bhliain, ó 1801 tá ceart ag an Leabharlann foilseacháin na Breataine agus na hÉireann a éileamh go hiomlán faoi théarmaí na nAchtanna leanúnacha Cóipchirt. Tá os cionn cúig mhilliún imleabhar sa chnuasach leabhar faoi láthair, lena n-áirítear bailiúcháin mhóra lámhscríbhinní, léarscáileanna agus cheoil. Tá trí ról faoi leith ag an Leabharlann. Tacaíonn an Leabharlann le riachtanais taighde agus léinn na ndisciplíní atá ag feidhmiú sa Choláiste go hiomlán, trí na seirbhísí tacaíochta léitheoireachta, iasachta, teagaisc agus taighde a sholáthraítear; tá cáil idirnáisiúnta bainte amach ag an Leabharlann mar phríomhionad taighde; soláthraítear a seirbhísí chuig réimse mór institiúidí agus úsáideoirí seachtracha; tacaíonn an Leabharlann le forbairt tionscnamh cruthaitheach i soláthar faisnéise agus tarraingíonn na taispeántais lámhscríbhinní na céadta míle cuairteoirí chuig an tSean-Leabharlann gach bliain.

Clár Rochtana na Tríonóide

Ó 1993, tá ról lárnach ag Clár Rochtana na Tríonóide (TAP) i bplean an Choláiste maidir le daoine fásta óga, daoine fásta agus mic léinn ó mhionlaigh eitneacha nó a thagann ó ghrúpaí socheacnamaíocha nach bhfaigheann an deis freastal ar ollscoileanna go hiondúil, a spreagadh chun freastal ar an oideachas tríú leibhéal. Soláthraíonn TAP réimse tacaíochta do mhic léinn, do theaghlach agus do phobail faoi leith a chuidíonn leo a spriocanna oideachais a aithint agus a bhaint amach.

Liosta na gclár TAP:

1. Naisc For-Rochtana le Scoileanna agus Pobail (SCOL)
2. Bealach Isteach san Ardoideachas (HEAR)
3. Cúrsaí Rochtana Ollscoile:
 - An Bonnchúrsa TAP le haghaidh Ardoideachais – Daoine Fásta Óga
 - An Bonnchúrsa TAP le haghaidh Ardoideachais – Mic Léinn Lánfhásta
 - Cúrsaí Comhpháirtíochta Rochtana na hOllscoile: TCD i gcomhar le Coláistí Choiste Ghairmoideachas Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC)
4. An Clár um Dhul Chun Cinn Iar-iontrála
5. "Learning What Works": Clár Taighde agus Measúnachta TAP

Taighde

Cuimsíonn Straitéis Taighde Choláiste na Tríonóide na príomhdhisciplíní acadúla uile. Tá Institiúidí Taighde TCD páirteach sna réimsí seo a leanas: An Lárionad Taighde ar Nanastruchtúir agus Nanaghléasanna Oiriúnaitheacha (CRANN); An Institiúid um Staidéir Lanpháirtíochta Idirnáisiúnta (IIS); Mol an tSeomra Fhada (LRH); Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (TBSI) agus Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide (TCIN). Tá cuibhreannais taighde bunaithe agus grúpáil taighde idir-institiúide i réimsí ar nós na teileachumarsáide, taighde slabhra luacha, imeascadh idirnáisiúnta, leigheas móilíneach, inimirce agus forbairt idirnáisiúnta. Tá Coláiste na Tríonóide chun tosaigh i reáchtáil roinnt mhaith mórstaidéar náisiúnta fad-ama lena n-áirítear taighde ar leanaí agus ar aosú. Tá os cionn 30 ionad taighde i bhfeidhm, lena n-áirítear: Lárionad Léann na nInscní agus na mBan, Institiúid Náisiúnta um Míchumais Intleachta (NIID), Lárionad Choláiste na Tríonóide um Thaighde ar Ealaín na hÉireann (TRIARC) agus an Lárionad Acmhainní agus Taighde Frithbhulaíochta.

Oifig na gCaighdeán

Déanann Oifig na gCaighdeán gníomhaíochtaí feabhais ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a éascú i measc ranna acadúla an Choláiste. Seo a leanas feidhmeanna Oifig na gCaighdeán: tacú le forbairt pholasaí agus nósanna imeachta an Choláiste i ndáil le dearbhú agus feabhsú acadúil ardchaighdeán; próiseas athbhreithniúcháin cáilíochta an Choláiste a fhorbairt, a chothabháil agus a mheas; agus rannpháirtíocht Choláiste na Tríonóide i ndearbhú cáilíochta ag leibhéal earnáil na hollscolaíochta a éascú.

An Lárionad um Chleachtais Acadúla agus Foghlaim na Mac Léinn (CAPSL)

Bunaíodh CAPSL in 2003 chun cuidiú leis an gColáiste i bhforbairt creata láidir imeasctha chun tacú leis an gcleachtas acadúil is fearr agus chun tacú leis an gcaighdeán is fearr foghlama a sholáthar do na mic léinn.

* Féach an Nóta ar struchtúir riaracháin agus acadúla an Choláiste ag tús Alt 2.3

2.5 Seirbhísí Riaracháin*

Léiríonn struchtúr riarachán Choláiste na Tríonóide an réimse leathan gníomhaíochtaí atá riachtanach chun líon na ngníomhaíochtaí éagsúla a bhainistiú in ollscoil chomh mór leis. Tá liosta de sheirbhísí riarachán an Choláiste tugtha thíos (rinneadh atheagrú ar sheirbhísí faoi leith ó cuireadh i gcló an chéad Scéim Teanga a d'fhoilsigh Coláiste na Tríonóide agus tá baol ann nach bhfuil na seirbhísí ar fad luaite sa liosta thíos).

Oifigí/Réimsí	Achoimre ar an tSeirbhís atá arna soláthar
Seirbhísí Iostais agus Lónadóireachta	Seirbhísí iostais do mhic léinn, foireann agus cuairteoirí, bia agus deoch, tios agus áiseanna comhdhála
Cláraitheoir na Seomraí	Déanann Cláraitheoir na Seomraí iostas mac léinn cónaithe a dháileadh ar champas
An Chlárlann Acadúil	Soláthraíonn an Chlárlann Acadúil seirbhísí riaracháin acadúla lárnacha a chuimsíonn tréimhse acadúil an mhic léinn. Chomh maith le seirbhísí a sholáthar, tacaíonn an Chlárlann Acadúil le forbairt a dhéanamh ar pholasaí acadúil agus é a chur i ngníomh. Áirítear larratas agus Iontráil (Fochéime, larchéime agus Rochtana), Cúrsaí airgeadas an Mhic Léinn (le hOifig an Chisteora), Clárú agus Bainistiú Taifead, Staidéar larchéime, Socrú Amchláir Léachtaí, Scrúduithe agus Measúnú
Clárlann Acadúil – Iontrálacha Idirnáisiúnta agus feidhmeanna Staidéir thar Lear	Éascú do mhic léinn eachtrannacha ar mian leo staidéar a dhéanamh ag TCD, agus cuidiú le mic léinn Choláiste na Tríonóide ar mian leo staidéar a dhéanamh thar lear faoi Erasmus nó faoi chláir mhalairte eile do mhic léinn
Alumni	Caidreamh Alumni, i gcomhar le Fondúireacht na Tríonóide
Oifig na nAlumni/an Phrócadóra/Thoghcháin an tSeanaid	Céimniú, dioplómaí agus teastais, bunachar sonraí Alumni, clár toghthóirí an tSeanaid

An tSeirbhís Ghairmthreorach	Eolas agus comhairle gairme do mhic léinn agus do chéimithe
Naíolann an Choláiste	Cúram leanaí ó 3 mhí go 4.5 bliana d'aois
Seirbhísí Sláinte an Choláiste	Soláthar cúram príomhúil sláinte ar champas do gach mac léinn lánaimseartha, agus díriú ar ghnéithe síceolaíochta agus gairmshláinte na mac léinn. Soláthar seirbhísí sláinte do bhaill foirne ar bhunús táille in aghaidh na míre
An tSéiplíneacht	Seirbhísí Séiplíneachta agus acmhainní do mhic léinn agus do bhaill foirne ar baill iad de na hEaglaisí Críostaí agus de Chreidimh eile
An Stiúrtóireacht Cumarsáide agus Margaíochta	Seirbhísí straitéiseacha cumarsáide agus margaíochta thar ceann phobal an Choláiste, lena n-áirítear caidreamh leis na meáin, straitéis dhigiteach agus brandáil
An Oifig Chumarsáide	Cumarsáid inmheánach le pobal an Choláiste agus cumarsáid sheachtrach lena n-áirítear na meáin, ag cur chun cinn an Choláiste agus obair an Choláiste do ghrúpaí seachtracha
Oifig Stiúrtóir na bhFoirgneamh	Pleanáil agus comhordú ar obair chothabhála agus ar fhoirgnimh sa Choláiste, seirbhísí seomra poist, lasc-chláir, sláinte san ionad oibre agus cúrsaí leasa a bhainistiú
An tSeirbhís Mhíchumais	Comhairle, tacaíocht agus eolas a sholáthar chun cabhrú le mic léinn agus baill foirne le míchumais
An Oifig Fiosrúcháin	Soláthar seirbhís fiosrúcháin le haghaidh baill foirne, mic léinn agus cuairteoirí, agus oibriú chóras lárnach áirithintí seomra an Choláiste. Bíonn an Oifig freagrach as foilsitheoireacht sheachtrach agus Féilire an Choláiste
An Oifig Comhionannais	Cinntiú go mbainfidh mic léinn agus baill foirne sult as timpeallacht shóisialta, oibre agus staidéir neamh-idirdhealaitheach urramach
An Oifig um Shaoráil Faisnéise	Cuidiú leis an gColáiste lena oibleagáidí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus na hAchtanna Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar a chomhlíonadh
Iniúchadh Inmheánach	Tacú leis an gCoiste Iniúchta a chomhairlíonn ar cé mar atá an Coláiste ag bainistiú na bpríomhríoscaí airgeadais, monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus breithmheas a thabhairt ar shaincheistean luach ar airgead
Oifig na Mac Léinn Lánfhásta	Comhairle agus tacaíocht a sholáthar do mhic léinn lánfhásta reatha agus d'ábhar mac léinn
Oifig an Leas-Uachtaráin le haghaidh Caidreamh Idirnáisiúnta	Bunaithe mar chuid den Straitéis Chaidrimh Dhomhanda, leis an aidhm líon na mac léinn idirnáisiúnta a ardú, go háirithe na mic léinn ó thíortha eile seachas tíortha an Aontais Eorpaigh, saol na mac léinn idirnáisiúnta ag an gColáiste a fheabhsú, caidrimh dhomhanda a bhunú, lena n-áirítear comhoibriú taighde idirnáisiúnta a threisiú; agus ceangail níos láidre a chothú le diaspora alumni Choláiste na Tríonóide, a chuimsíonn alumni an Choláiste a spreagadh chun tacú le misean na hollscoile agus cur le hioncam daonchaidiúil
Oifig an Phríomoifigigh Oibriúcháin	Tá an Príomoifigeach Oibriúcháin (COO) i gceannas ar fhorbairt agus bhainistiú na Seirbhísí Tacaíochta agus Riaracháin ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Oifigeach na Gaeilge	Féach mír 2.9 thíos
Seirbhísí Taighde agus Nuálachta Choláiste na Tríonóide	Tacaíonn Seirbhísí Taighde agus Nuálachta Choláiste na Tríonóide le gabháil, caomhnú agus saothrú na n-aschur nuálach ó chlár taighde Choláiste na Tríonóide
Oifig an Phropaist	Tacú leis an bPropast ina chúraimí mar Phríomhoifigeach an Choláiste. Déanann an oifig idirphlé idir an Coláiste agus an pobal i gcoitinne, ag cur chun cinn caidrimh éifeachtúla le ranna rialtais, ag soláthar maoiniú do ghníomhaíochtaí agus do pháirtithe leasmhara tábhachtacha eile. Déanann an oifig éascú ar chuirteanna uaisle agus toscaireachtaí idirnáisiúnta ar an gColáiste agus tugann comhairle ar chúrsaí prótacail. Déanann an oifig idirghníomhú leis an Seansailéir agus leis an Leas-Seansailéir ar chúrsaí Ollscoile
Oifig an Rúnaí	Tacaíocht riaracháin a sholáthar don Bhord agus don Chomhairle. Cinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht chuí go huile. Tá an oifig freagrach as Comhionannas, Fiosrúcháin, Comhlíonadh Faisnéise, agus seirbhísí Gaeilge Soláthraíonn tacaíocht riaracháin do Chláraitheoir an Choláiste agus do Bhailiúchán Ealaíne an Choláiste chomh maith
Spórt agus Áineas	Soláthraítear áiseanna spóirt chun freastal ar riachtanais na ndaoine aonair agus na 50 club spórt sa Choláiste. Riarann Lár-Chumann Lúthchleas Ollscoil Átha Cliath (DUCAC) na clubanna spóirt sa Choláiste
Acmhainní Daonna	Soláthraítear seirbhísí don Choláiste agus do bhaill foirne i ndáil le hearcaíocht foirne, dul chun cinn, caidreamh foirne, pá-rolla, beartais agus nósanna imeachta. Soláthraítear seirbhísí oiliúna agus forbartha do bhaill foirne ag tacú leis an bplean straitéiseach trí oiliúint shonraithe agus réiteach forbartha a chur ar fáil chun tacú leis na cuspóirí luaite a thabhairt chun críche
Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn	Is síceolaithe agus oibríthe sóisialta cáilithe iad foireann na Seirbhíse Chomhairleoireachta atá ar fáil do mhic léinn chláraithe Choláiste na Tríonóide uile
Seirbhís na nOidí	Seirbhís tacaíochta rúnda do mhic léinn fochéime i ndáil le gach gné de shaol an Choláiste go hiomlán. Soláthraítear seirbhísí comhchosúla do mhic léinn iarchéime tríd an tSeirbhís um Chomhairle larchéime
Oifig an Chisteora	Bainistiú airgeadais i ngach réimse gníomhaíochta de chuid an Choláiste, soláthraítear seirbhísí i ndáil le tuarastal agus pá, íocaíocht, cuntais iníochta, baincéireacht, soláthar, cánachas, cuntasáíocht taighde, forbairt córais faisnéise airgeadais agus táillí na mac léinn
Seirbhísí Córas Faisnéise	Comhairle, seirbhísí tacaíochta agus cothabhála i ndáil le córais teicneolaíochta faisnéise do mhic léinn agus do bhaill foirne Choláiste na Tríonóide
Oifig an Ghréasáin	Seirbhísí deartha amhairc agus seirbhísí forbartha tosaigh a sholáthar do shuíomhanna gréasáin ar fud an Choláiste

I dteannta na seirbhísí a luaitear thuas, soláthraítear sainseirbhísí faoi leith i réimsí áirithe mar an tAonad Bithacmhainní agus Áis na nÁbhar Guaiseach sa Choláiste.

* Féach an Nóta ar struchtúir riaracháin agus acadúla an Choláiste ag tús Alt 2.3

2.6 Saol an Mhic Léinn

Aontas na Mac Léinn

Is é Aontas Mac Léinn Choláiste na Tríonóide (TCDSU), a fheidhmíonn mar aonán atá neamhspleách ar an gColáiste, an foras ionadaíochta le haghaidh mhic léinn Choláiste na Tríonóide agus na gColáistí cleamhnaithe.

Aontas na nIarchéimithe

Is aonán neamhspleách é Aontas na nIarchéimithe chomh maith a dhéanann ionadaíocht ar mhic léinn iarchéime sa Choláiste.

Lár-Choiste na gCumann (CSC)

Is foras é Lár-Choiste na gCumann (CSC) atá freagrach as na cumainn mac léinn i gColáiste na Tríonóide.

DUCAC (Lár-Chumann Lúthchleas Ollscoil Átha Cliath)

Tá DUCAC mar fhoras rialála ar 50 club spóirt ag an Ollscoil.

2.7 Seirbhísí arna soláthar faoi láthair trí mheán an Bhéarla

Soláthraítear seirbhísí uile an Choláiste trí mheán an Bhéarla, seachas na seirbhísí sin atá luaite i mír 2.8 thíos.

2.8 Seirbhísí arna soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge

Tá forbairt shuntasach déanta ar réimse na seirbhísí Gaeilge a sholáthraíonn Coláiste na Tríonóide sa tréimhse ó cuireadh tús leis an gcéad Scéim Teanga trí bliana in 2010. Cuireadh foilseacháin nua Ghaeilge ar fáil agus cuireadh an Ghaeilge i láthair ar roinnt mhaith de shuíomhanna gréasáin an Choláiste. Cuireadh seirbhís chustaiméara trí Ghaeilge ar fáil i réimsí faoi leith, sa leabharlann go háirithe. I gcomhoibriú le hInstitiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, tá comhlacht seachtrach aistriúcháin gafa le hobair aistriúcháin na n-institiúidí. Tá líon na n-uimhreacha atá cláraithe ar chúrsaí deonacha Gaeilge ardaithe go mór, agus tá an Ghaeilge níos feiceálaí ar champas anois ó cuireadh tús le comharthaíocht agus stáiseanóireacht dátheangach in 2009.

2.8.1 Seirbhísí acadúla arna soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge

Seirbhísí Iarchéime - Roinn na Gaeilge

Tá dhá chúrsa múinte iarchéime forbartha ag Roinn na Gaeilge, an **Dioplóma sa Sean-Ghaeilge agus an M.Phil sa Luath-Ghaeilge**. Is cúrsaí leithleacha iad seo in Éirinn agus dá bhrí sin, sa domhan, de bharr go bhfuil na cúrsaí seo dírithe ar theanga na meánaoise le hais cúrsa litríochta aistrithe de chineál an Léinn Cheiltigh. Is é aidhm an Dioplóma oiliúint a chur ar scoláirí ó dhisciplíní eile sa tSean-Ghaeilge chun leanúint ar aghaidh agus staidéar a dhéanamh ar an gcúrsa M.Phil., ina bhfoghlaimeofar na scileanna chun páirt a ghlacadh i réimsí taighde ar litríocht Ghaeilge na meánaoise, m.sh. dul i dtaithe ar ábhar príomha na lámhscríbhinní atá i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, in Acadamh Ríoga na hÉireann agus i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá Roinn na Gaeilge an-bhródúil as na cúrsaí Dioplóma agus M.Phil. Mar chúrsaí iarchéime bliana, tairgtear an deis do mhic léinn na hÉireann agus do mhic léinn idirnáisiúnta máistreacht a fháil ar na scileanna riachtanacha chun obair sa réimse seo. De bharr sin, soláthraíonn na cúrsaí seo seirbhís thábhachtach don Luath-Ghaeilge go ginearálta agus creidimid go bhfuil se rithábhachtach do Choláiste na Tríonóide, atá freagrach as oidhreacht shaibhir lámhscríbhinní, go leanfar le traidisiún seanbhunaithe an Choláiste in oiliúint Ghaeilge na meánaoise a sholáthar do scoláirí chun an oidhreacht sin a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann.

Seirbhísí fochéime – Roinn na Gaeilge

An Luath-Ghaeilge

Tairgeann an cúrsa fochéime sa **Luath-Ghaeilge** ceithre bliana teagaisc ar theanga agus ar litríocht na hÉireann i dtéarmaí na Meánaoise; tá sé ag freastal ar an ábhar le blianta beaga anuas agus is mó ardscoláire a chuaigh tríd. Tugann an cúrsa ceithre bliana seo an deis do Choláiste na Tríonóide réimse níos leithne ábhar a chlúdach ná mar a dhéantar in aon institiúid eile sa tír agus le bunú an chúrsa i Léann na hÉireann, níl an brú ar an Luath-Ghaeilge dul i dtreo modh teagaisc an Léinn Cheiltigh mar atá in ollscoileanna go leor eile, agus tá an cúrsa dírithe ar ábhar léitheoireachta sa mbunteanga. Cuirtear an cúrsa ar fáil trí mheán an Bhéarla, agus dá bharr sin, freastalaíonn mic léinn idirnáisiúnta, mic léinn ón Eoraip den chuid is mó, ar ár gcúrsa agus bíonn siad linn ar feadh tréimhse bliana nó tréimhse téarma amháin go minic. Is féidir an Luath-Ghaeilge agus an Nua-Ghaeilge a chomhcheangal i gcúrsa onóracha leis na hábhair seo a leanas i gclár TSM: Stair, Stair na nEalaíon agus na hAiltireachta, Sibhialtacht na nGiúdach agus na nIoslamach, Laidin, Creidimh Dhomhanda agus Diagacht.

An Nua-Ghaeilge

Cuimsíonn cúrsa na **Nua-Ghaeilge** litríocht na nua-aoise go hiomlán (1200-inniu) agus oiltear na mic léinn i sealbhú teanga na Nua-Ghaeilge idir labhartha agus scríofa. Is cúrsa ar leithligh é seo i measc chúrsaí teanga na Nua-Ghaeilge in Éirinn de bharr go leagtar béim faoi leith ar Ghaeilge na hAlban agus ar litríocht Ghaeilge na hAlban i gcuraclam an chúrsa. Déanann an cúrsa seo comhcheangal le teangacha nua-aoiseacha eile atá ar an gcúrsa MDÁ, agus is ionad maith oiliúna é do mhic léinn ar mian leo dul leis an múinteoireacht go gairmiúil nó le hiriseoireacht sna meáin chlóite nó i dtionscal na teilifíse/raidió. Is féidir an Nua-Ghaeilge a thógáil leis na hábhair seo a leanas sa chúrsa MDÁ: An Léann Clasaiceach, Léann na Drámaíochta, Litríocht an Bhéarla, Léann na Scannánaíochta, Francis, Gearmáinis, Stair, Iodáilis, Sibhialtacht na nGiúdach agus na nIoslamach, Laidin, Ceol, Fealsúnacht, Rúisis, Socheolaíocht, Spáinnis, Creidimh Dhomhanda agus Diagacht.

Léann na hÉireann

Más mian leo, féadfaidh na mic léinn a roghnaíonn **Léann na hÉireann** mar chúrsa staidéar a dhéanamh ar Ghramadach agus ar Litríocht na Gaeilge mar chuid dár gcéim. Forbraíonn na mic léinn a roghnaíonn na modúil seo den chúrsa a scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta Gaeilge, mar a dhéanann mic léinn Nua-Ghaeilge sa chúrsa MDÁ. Cuirtear réimse leathan d'ábhair os a gcomhair le roghnú, go mór mhór le linn na mblianta sofaistí, agus tá an rogha ag mic léinn an chúrsa a dtráchtas sa cheathrú bliain a scríobh ar ábhar teanga nó litríochta Gaeilge. Féadfaidh na mic léinn nach roghnaíonn sruth na Gaeilge staidéar a dhéanamh ar scéalaíocht agus dlí na Luath-Ghaeilge, modúil a chuirtear ar fáil trí mheán an Bhéarla.

Mic Léinn Idirnáisiúnta

Le blianta anuas, tá modúl dar teideal **Teanga agus Litríocht na Gaeilge** á chur ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta a fhreastalaíonn ar an gColáiste ar feadh tréimhse bliana. Bíonn an-ghlaoch ar an modúl seo ag mic léinn ó Mheiriceá ach bíonn líon mór mac léinn Erasmus ón Eoraip ag freastal ar na cursaí chomh maith. Cuimsíonn na cursaí a thairgtear scéalaíocht na Luath-Ghaeilge, stair na Gaeilge, filíocht na Nua-Ghaeilge Moiche, Béaloideas, agus dhá chúrsa faoi leith ar litríocht na Nua-Ghaeilge. Faigheann an Roinn aiseolas an-dearfach ó na mic léinn maidir leis an modúl seo agus creidimid go mbíonn tionchar faoi leith aige ar a dtuiscint ar chultúr agus ar bhuanna cultúrtha na hÉireann, agus tá súil againn go rachaidh an t-eolas i gcion ar a ndearcadh i leith na tíre níos deireanaí ina saol. Ar an láimh eile, bíonn an-chuid le tairiscint ag na mic léinn seo do Roinn na Gaeilge agus peirspictíocht úr éagsúil acu ar ár litríocht. Áirítear cúrsa **Bunleibhéil Gaeilge** do thosaitheoirí leis an modúl seo a bhfuil an-éileamh ag na mic léinn air.

Lonnaithe i Scoil na dTeangacha na Litríochtaí agus na gCultúr, tá grúpa mór mac léinn ag Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha, atá ar an ionad is mó do labhairt na Gaeilge sa Choláiste, agus oifig Rúnaí Roinn na Gaeilge ag a chroílár.

Sa chás go gcuireann an Coláiste tairiscintí chun cinn chun cur le réimse na seirbhísí acadúla a thairgeann Roinn na Gaeilge, geallann an Roinn go ndéanfar breithníú báúil ar aon tairiscint thairbheach a chuirfear faoina mbráid, faoi réir ag impleachtaí foirne ar ndóigh.

An Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide (CLCS)

Tairgeann an Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide ranganna Gaeilge mar chuid de chlár na Modúl Teanga. Ag brath ar rialacháin chreidiúna, féadfaidh mic léinn staidéar a dhéanamh ar mhodúl trí Ghaeilge chun creidiúint a fháil, nó mar rogha ábhair seach-churaclaim (ar fáil d'iarchéimithe chomh maith). Teagasctar an Ghaeilge ag na leibhéil A2, B1 agus B2 (leibhéil oilteachta chomónta na hEorpa). Tá an curaclam bunaithe ar shraith grúpthionscadal le codanna scríofa agus labhartha, a chuirtear i láthair trí Ghaeilge go príomha le tacaíocht ábhar dílis Gaeilge.

Tairgtear cúrsa sa Dátheangachas agus i gCothabháil na Gaeilge chomh maith. I measc na dtionscadal eile, áirítear rannpháirteachas bhall foirne le gairid mar PI ar thionscadal a mhaoinigh Foras na Gaeilge chun uirlisí anótála corpais a fhorbairt le haghaidh na Gaeilge le n-úsáid i dTionscadal Nua Foclóireachta Béarla-Gaeilge Fhoras na Gaeilge.

Tá an tionscadal nuálach, **ABAIR**, atá lonnaithe ag Saotharlann Urlabhra agus Foghraíochta an CLCS, ag forbairt teicneolaíocht urlabhra agus acmhainní teangeolaíochta le haghaidh na Gaeilge. Tá an tionscadal á mhaoiniú faoi láthair ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus tá maoiniú curtha ar fáil roimhe seo ag Clár Interreg an AE agus ag Foras na Gaeilge. Tá córais sintéise téacs go hurlabhra forbartha le haghaidh Ghaeilge Chonnacht agus Dhún na nGall, agus ar fáil ag www.abair.ie. Tá taighde ar bun chun córas a fhorbairt le haghaidh Ghaeilge na Mumhan faoi láthair. Tá sé mar sprioc go bhforbrófar áiseanna gaolmhara le haghaidh canúintí eile na Gaeilge nach bhfuil chomh mór in úsáid, a d'fhéadfadh cur lena gcaomhnú.

Tá an áis ghréasáin ag www.abair.ie in úsáid go forleathan ag cainteoirí, foghlaimeoirí agus múinteoirí na Gaeilge, agus tá tairbhe faoi leith ag baint leis dóibhsean nach bhfuil cónaí orthu in Éirinn, ar mian leo fuaimniú na teanga a fhoghlaim. Tagann leath de chuirteoirí an tsuímh as tíortha thar lear agus a bhformhór sin as Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Tá tábhachtach faoi leith ag baint le hacmhainní ABAIR le haghaidh rochtain mhíchumais agus le haghaidh forbartha ar fheidhmeanna oideachasúla atá urlabhara- bunaithe. Tá tionscadal nasctha na saotharlainne, **CabhairE**, ag forbairt uirlis litearthachta sintéis-bhunaithe a éascóidh forbairt Daisy Books don phobal lagamhairc, i gcomhoibriú le hIonad Bhraille Dhroim Conrach.

Cuireann an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta maoiniú ar fáil don tionscadal seo. Tá an tSaotharlann Urlabhra agus Foghraíochta páirteach i dtaighde ar chórais thuin chainte chanúintí na Gaeilge chomh maith, a bhí á mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta i laethanta tosaigh an tionscadail.

Scoil an Oideachais

Soláthraíonn Scoil an Oideachais roinnt cúrsaí Gaeilge, ag leibhéal fochéime agus iarchéime araon. Ach an acmhainn mhaoirseachta a bheith ann, féadfaidh mic léinn tabhairt faoi thascanna, socrúchán cleachtaidh teagaisc, tráchtas a scríobh nó scrúduithe a shuí trí Ghaeilge. Tá cúrsaí Gaeilge ar fáil mar chuid de na cláir staidéir seo a leanas: PDE (Meánoideachas) agus B.Mus.Ed. I gcomhpháirtíocht lenár gColáiste Oideachais Gaolmhar, Coláiste Mhuire Marino, tá cúrsaí Gaeilge ar fáil mar chuid de na cláir staidéir seo a leanas: BEd (Bunoideachas) agus HDip (Bunoideachas).

2.8.2 Seirbhísí Gaeilge sa Leabharlann

Soláthraítear turas ar an Leabharlann trí mheán na Gaeilge do na mic léinn a roghnaíonn an Ghaeilge mar ábhar staidéir, le linn sheachtain mhic léinn na chéad bhliana gach bliain. Cuirtear fáilte roimh na mic léinn ag an Leabharlann tar éis a seisiúin tosaigh i nGaeilge agus sna teangacha Ceilteacha, agus eagraítear turas dóibh trí Ghaeilge le béim faoi leith ar na hacmhainní riachtanacha a chuireann an Leabharlann ar fáil dóibh.

Ó 2005, tá an cúrsa Oiliúint i Scileanna Faisnéise Bunúsacha agus Acmhainní Ábhair le hAghaidh na Gaeilge, i gcló agus ar líne ar fáil agus á sheachadadh mar léacht/cheardlann trí mheán na Gaeilge ag foireann na leabharlainne, le linn sheachtain mhic léinn na chéad bhliana agus i rith na bliana araon, ar éileamh ó Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha.

Tá turais ar acmhainní Leabharlann Hamilton agus BLU ar fáil le linn sheachtain mhic léinn na chéad bhliana agus ar fáil d'aon ghrúpa nó d'aon duine atá bainteach leis an gColáiste. Ní gá a bheith ag freastal ar chúrsa Gaeilge chun a bheith i dteideal áite ar na turais. Tá turais an dá leabharlann ar fáil má éilítear ag aon am den bhliain iad do ghrúpaí nó do dhuine aonair atá bainteach leis an gColáiste.

Seolann an Leabharlannaí Sealbhaithe litir i nGaeilge chuig na foilsitheoirí Gaeilge ar fad ag tabhairt míniú dóibh ar an Taisce Dhlíthiúil agus ar ról cartlannaithe na Leabharlainne. Seoltar litir i nGaeilge uaireanta chuig foilsitheoirí Gaeilge nár thaisc leabhar dá mbailiúchán fós leis an Leabharlann, ag cur faoi ndeara dóibh a n-oibleagáid faoi Acht an Chóipchirt.

2.8.3 Seirbhísí Riaracháin atá arna soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge

- Is é **Coiste na Gaeilge** coiste oifigiúil Gaeilge an Choláiste. Déanann an Coiste maoirseacht ar ról Oifigeach na Gaeilge (féach thíos). Tá ballraíocht ag an gCoiste ó raon réimsí ar fud an Choláiste. Ardaíodh stádas an Choiste in 2010, agus tá feidhm oifigiúil anois ag an gCoiste mar choiste de chuid an Bhoird.
- Tá **Oifigeach na Gaeilge**, Choláiste na Tríonóide, freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn i saol an Choláiste, comhlíonadh fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chinntiú, agus scéimeanna cónaithe mac léinn ar champas agus ag Halla na Tríonóide i nDartraí a riaradh (féach 2.11 thíos). Feidhmíonn an tOifigeach mar rúnaí do Choiste na Gaeilge. Oibríonn an tOifigeach go dlúth leis an gCumann Gaelach agus le forais eile de chuid na mac léinn. Feidhmíonn sé/sí mar phreasoifigeach leis na meáin Ghaeilge, i ndáil le cúrsaí Gaeilge a thagann faoi shainchúram a oifige/a hoifige.
- Comhordaítear **Seirbhísí Aistriúcháin** trí Oifig na Gaeilge. Déileálann an tOifigeach Gaeilge le hiarratais aistriúcháin ó bhaill foirne agus ó ranna sa Choláiste a eascraíonn as oibleagáidí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Comhaontaítear agus cuirtear i bhfeidhm Prótacail Inmheánacha chun dul i ngleic le **ceisteanna maidir leis an nGaeilge ó Oifig an Rúnaí agus ón Oifig Comhionannais**, agus chun iarratais ón **Oifig Comhlíonta Faisnéise** a láimhseáil.
- Tá córais fheiliúnacha i bhfeidhm chun foireann an **tSeomra Poist** a threorú, chun a chinntiú go sroichfidh an post isteach agus amach, le seoltaí scríofa i nGaeilge, ceann scríbe gan aon mhoill.

Teicneolaíocht Faisnéise agus ríomhphost

- Eisítear go dátheangach an teachtaireacht uathoibríoch ríomhphost nuair a bhíonn dáta dlite leabhair Leabharlainne thuas.
- Tacaíonn gnáthchórais forbartha Seirbhísí Córais Faisnéise Choláiste na Tríonóide leis an mBéarla agus leis an nGaeilge m.sh. ríomhphost, córais oifige, uirlisí foilsitheoireachta gréasáin. Tá tacaíocht le haghaidh foinsiú pacáistí Gaeilge (uirlisí profléitheoireachta, seiceáil litrithe) ar fáil ach iad a iarraidh.
- Ceadaíonn Seirbhísí Córais Faisnéise Choláiste na Tríonóide ainmneacha agus seoltaí a bheith taifeadta, taispeánta agus priontáilte i gceachtar den dá theanga oifigiúla sna Seomraí Ríomhaireachta Rochtana Poiblí.
- Tá leagan Gaeilge den chomhéadan cuardaigh ag catalóg (chuardaigh) Chlasaiceach na Leabharlainne, a sholáthraíonn áis chuardaigh ar thaifid uile na Leabharlainne sa phríomhchatalóg ar líne.
- Tá áis uathoibríoch dhátheangach iasachta leabhar ag an Leabharlann – Fastlane.
- Áiríonn an Leabharlann nuair is féidir, brandáil dátheangach ar chomhéadan úsáideora sna bunachair shonraí a cheannaítear.

Na Meáin, fógraíocht agus cur chun cinn

- Eisítear 15% de phreaseisiúintí an Choláiste go dátheangach. Tá fáil ar chartlann phreaseisiúna Gaeilge go neamhspleách.
- Nuair a bhíonn réimsí acadúla an Choláiste ag fógairt cúrsa sna meáin náisiúnta, fógraítear an cúrsa i gceann de na nuachtáin Ghaeilge.
- Tá an leagan Gaeilge de lógó an Choláiste i láthair sna hábhair ar fad a úsáidtear i gcur chun cinn na Gaeilge, agus cinntefar go n-úsáidfear Lógó Dátheangach an Choláiste le haghaidh brandáil ghinearálta (ní áirítear marsantacht).
- Tá liosta d'urlabhraithe atá in acmhainn ionadaíocht a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge thar ceann an Choláiste le fáil ar shuíomh an Oifigigh Chumarsáide.

Earcaíocht foirne agus oiliúint

- Faoi réir comhaontaithe le bainistíocht áitiúil, i gcás spriocanna a bhaint amach maidir le forbairt ball foirne, éascaíonn an Coláiste freastal ball foirne ar chúrsaí Gaeilge, sa chás go bhfuil an oiliúint seo riachtanach do sholáthar seirbhísí don phobal agus dá gcuid oibre.
- Cuimhníonn an Coláiste ar ghealltanais na scéime seo i ndáil le soláthar seirbhísí dátheangacha ina bheartas earcaíochta.
- Maidir leis an gcéad fholúntas foirne eile i réimse Oifig an Leas-Phropaist/an Phríomhoifigigh Acadúil, beidh an inniúlacht chun seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge mar riachtanas poist sna hoifigí seo a leanas: (Oifig an Leas-Phropaist/an Phríomhoifigigh Acadúil, Oifig Iontrála, Oifig na Scrúduithe; Taifid na Mac Léinn, Staidéir Iarchéime).

Foilseacháin agus ábhar clóite i nGaeilge

- Eisítear **Tuarascáil Bhliantúil an Choláiste** go dátheangach gach bliain de réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Eisítear **Cuntais Iniúchta an Choláiste** agus **na Ráitis Mhaoinithe** go dátheangach gach bliain de réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Eisítear **Plean Straitéiseach an Choláiste** go dátheangach.
- Cuirtear **Réamheolaire Achoimrithe** ar fáil trí Ghaeilge ina bhfuil eolas bunúsach faoin gColáiste agus liosta achoimrithe de na cúrsaí.
- Tá **Treoir do Sheirbhísí Mac Léinn** achoimrithe ar fáil do na mic léinn trí Ghaeilge, i gcomhar le hOifig an Oide Shinsaraigh, an tSeirbhís Mhíchumais, Seirbhís Sláinte an Choláiste, an tSeirbhís Ghairmthreorach, Spórt agus Áineas agus Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn, a chomhordaítear trí Dhéan na Mac Léinn agus Oifigeach na Gaeilge.
- Eisíonn an tOifigeach Gaeilge bróisiúr go bliantúil dar teideal **TCD agus an Ghaeilge** le heolas faoin nGaeilge i saol an Choláiste, faoi ranganna, faoi reachtaíocht agus faoin Scéim Teanga.
- Cuireann an Leabharlann **treoir/duilleogín treoshuímh do mhic léinn** ar fáil i nGaeilge.

- Coimeádann nuachtlitir foirne an Choláiste teideal dátheangach ‘**Scéala an Choláiste/Listings**’ agus bíonn ábhar Gaeilge ann go seachtainiúil.
- Tá leathanach Gaeilge, ‘An Ghaeilge’, ar fáil i bhFéilire an Choláiste, le gnátheolas ar an nGaeilge i saol an Choláiste agus eolas teagmhála gutháin/suíomh gréasáin.
- Tá lógó/teideal an Choláiste, teideal an leabhráin agus an réamhrá dátheangach in **Leabhrán na gCúrsaí Seachtracha**.
- An litir le Réamheolaire Fochéime an Choláiste a sheoltar chuig comhairleoirí gairmthreorach agus múinteoirí i ngach meánscoil ar oileán na hÉireann, eisítear go dátheangach í.
- Agus mic leinn ag clárú, eisítear Téarmaí agus Coinníollacha Clárúcháin dóibh i mBéarla agus i nGaeilge. Cuirtear cártaí aitheantais na mac léinn ar fad ar fáil go dátheangach.
- Cuirtear cártaí gnó an Choláiste ar fad ar fáil go dátheangach.

Seirbhísí Custaiméara Díreacha

- Tá beirt bhall foirne in Oifig an Rúnaí a bhfuil ar a gcumas déileáil le ceisteanna a chuirtear go pearsanta nó ar an nguthán trí Ghaeilge, agus tacaíocht a thabhairt don Oifig Fiosrúcháin leis an nGaeilge.
- Tá beirt bhall foirne in Oifig an Phroipaist a bhfuil ar a gcumas déileáil le ceisteanna a chuirtear go pearsanta nó ar an nguthán trí Ghaeilge.
- Tá painéal i bhfeidhm chun seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar i Leabharlanna Berkeley agus Hamilton, ag na Príomhdheasca lasachta idir 9 r.n. agus 3:30 i.n. agus chun déileáil le fiosrúcháin trí Ghaeilge ag Príomhdheasc Eolais/Fháiltithe na Leabharlainne.
- Is cainteoir líofa Gaeilge í Preasoifigeach an Choláiste.
- Cuirtear turais treoshuímh trí Ghaeilge ar fáil trí shocrúcháin le linn seachtain mhic léinn na chéad bhliana.
- Cuireann an tSeirbhís Ghairmthreorach deiseanna gairme i nGaeilge chun cinn i measc na mac léinn trína comhcheangal le ‘Gairmeacha le Gaeilge’ agus go himmheánach i gcomhoibriú le hOifig na Gaeilge agus le Roinn na Gaeilge.
- Tugann na baill foirne Fáiltithe/Iasc-chláir ainm na hOllscoile i nGaeilge agus i mBéarla agus tá siad eolach ar na gnáthbheannachtaí i nGaeilge. Tá socruithe cuí i bhfeidhm ionas gur féidir an pobal a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a éilítear a sholáthar trí Ghaeilge, nuair is féidir.

- Tá ar chumas fhoireann na hOifige Fiosrúchán fáilte a chur roimh an bpobal trí Ghaeilge agus ceisteanna nach bhfuil ar a gcumas a fhreagairt a chur ar aghaidh, sonraí teagmhála a thógáil agus gealladh go mbeidh cainteoir Gaeilge i dteagmháil leo taobh istigh d'am réasúnach chun a gceisteanna a fhreagairt. Soláthraíonn an oifig bróisiúr Gaeilge, le gnátheolas Gaeilge an Choláiste agus sonraí teagmhála, agus déanann sí éascú ar bhailiú na rollaí le haghaidh ranganna Gaeilge a reáchtáiltear ar champas.
- Éascaítear turais trí Ghaeilge ar thaispeántas Leabhar Cheanannais trí shocrú.

Suíomhanna Gréasáin

- Tá Coláiste na Tríonóide tiomnaithe do leathanach gréasáin d'ardchaighdeán ar shuíomhanna gréasáin Dámh, Scoileanna, Ranna agus Oifigí Riaracháin ina gcuirfear ar fáil gnátheolas ar ról, feidhmeanna agus seirbhísí na réimsí i gceist, agus i gcásanna faoi leith, eolas breise.
- Tá sé seo i bhfeidhm i ndáil le: Oifig an Phropaist, An Seansailéir, Oifig an Rúnaí, Halla na Tríonóide, Oifig an Leas-Phropaist/an Phríomhoifigigh Acadúil, An Oifig Comhionannais, An Oifig Iontrála, An Léann Iarchéime, Oifig an Chisteora, An Oifig Cumarsáide, An Oifig Comhlíonta Faisnéise, leathanaigh 'About Trinity', agus suíomhanna gréasáin na dtrí dhámh (Dámh na nEalaíon na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta agus Dámh na nEolaíochtaí Leighis), Oifig an Déin Shóisearaigh/Chláraitheoir na Seomraí agus An Oifig Iostais, Oifig Stiúrthóir na bhFoirgneamh, Déan na Mac Léinn, Oifig an Oide Shinsaraigh, An tSeirbhís Mhíchumais, Seirbhís Sláinte an Choláiste, Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn, An tSeirbhís Ghairmthreorach, An tSeirbhís Spóirt agus Áineasa, Scoil an Bhéarla, Bailiúcháin Ealaíne an Choláiste, An Roinn Innealtóireachta Meicniúla agus Déantúsaíochta, An Roinn Zó-Eolaíochta, Scoil na Síceolaíochta, Scoil an Ghnó, Scoil na Ceimice, Scoil na Fisice, Scoil na Luibheolaíochta, An Roinn Sláinte Domhanda, An Roinn Fiseolaíochta, Disciplín na Péidiatraice, Scoil an Oideachais, An Roinn Geolaíochta, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha agus Roinn an Léinn Ghearmánaigh. Tá ábhar Gaeilge fós á chur le roinnt suíomhanna gréasáin ar fud an Choláiste.
- Tá suíomh gréasáin achoimrithe faoi leith ag suíomh na Leabharlainne atá ar fáil ó príomhleathanach baile na Leabharlainne, a thugann eolas ar ról agus seirbhísí príomhréimsí na Leabharlainne, lena n-áirítear Leabharlanna agus Bailiúcháin, Seirbhísí agus Áiseanna, Cabhair agus Oiliúint, an tSean-Leabharlann agus Leabhar Cheanannais. Tá painéil i bhfeidhm i Leabharlanna Hamilton agus Berkeley chun seirbhísí a sholáthar i nGaeilge, ag na Príomhdheasca lasachta, ó 9 r.n. go 3:30 i.n., agus chun ceisteanna a fhreagairt trí Ghaeilge ag Príomhdheasc Fháiltithe/Eolais na Leabharlainne. Féach www.tcd.ie/library/index.ga.php
- Tá leagan Gaeilge den Fhoirm Iarratais Saorála Faisnéise ar fáil go díreach ar shuíomh na hOifige Comhlíonta Faisnéise.
- Tá an fhoirm iarratais le haghaidh an Chiste Amharcealaíon agus Taibhealaíon ar fáil go dátheangach ar shuíomh gréasáin Oifig an Phropaist.

2.9 An Ghaeilge i saol Choláiste na Tríonóide

Seomra na Gaeilge: Is áis é Seomra na Gaeilge a chuireann ionad sóisialta comhrá ar fail do chainteoirí Gaeilge phobal an Choláiste. Tugadh os cionn 1,300 cuairt ar an ionad idir 2 Deireadh Fómhair 2012 agus Iár Mhárta 2013.

Cumann Gaelach: Tá láithreach ag an nGaeilge i gcroílár shaol cultúrtha agus sóisialta an champais. Bíonn ballraíocht mhór ag an gCumann Gaelach gach bliain, agus suas le 1,000 ball ann. Eagraíonn an Cumann ócáidí díospóireachta, imeachtaí cultúrtha agus sóisialta agus féile Ghaeilge i gcomhar le hOifig na Gaeilge gach bliain, Éigse na Tríonóide, a mhaireann ar feadh seachtaine. Bíonn na himeachtaí ag freastal ar mhic léinn agus ar bhaill foirne araon. Féach www.cumann.ie

Scéimeanna cónaithe na Gaeilge: Tá scéimeanna cónaithe Gaeilge do mhic atá lonnaithe ar champas Iár na cathrach agus ag Halla na Tríonóide i nDartraí, Baile Átha Cliath 6, ina gcónaíonn 34 mac léinn i ngrúpaí árasán atá cóngarach dá chéile, agus ina labhraítear an Ghaeilge mar ghnáth-theanga laethúil. Comhlánaíonn mic léinn na scéime cónaithe tionscadail i réimsí ar nós feasachta teanga agus infheictheachta, imeachtaí sóisialta agus ambasadóireacht chultúrtha le mic léinn idirnáisiúnta. Tá páirt glactha ag os cionn 200 mac léinn sna scéimeanna cónaithe ó bunaíodh iad.

Cúrsaí Gaeilge: Tairgtear ranganna deonacha Gaeilge, atá saor ó tháille, do mhic léinn agus baill foirne ar bhonn seachtainiúil. Chláraigh líon mór mac léinn agus foirne le haghaidh na gcúrsaí seo gach bliain ó 2009. In Eanáir na bliana 2013, chláraigh os cionn 240 de bhaill phobal an Choláiste le haghaidh na gcúrsaí seo. Ba chóir cuimhneamh air go bhfuair líon réasúnta de mhic léinn agus de bhaill foirne Choláiste na Tríonóide a n-oideachas i dTuaisceart Éireann nó i dtíortha thar lear, agus dá bhrí sin, nach bhfuair siad aon oideachas Gaeilge ar scoil. Tá obair thábhachtach déanta ag na cúrsaí Gaeilge deonacha maidir le feasacht agus inniúlacht teanga ina measc siúd.

Imeachtaí: Eagraíonn Oifigeach na Gaeilge sraitheanna léachtaí, seimineáir agus ócáidí sóisialta le haghaidh na mac léinn agus ball foirne ó am go chéile. Reáchtáiltear ócáid shóisialta trí Ghaeilge le haghaidh na foirne go bliantúil. Bíonn seirbhísí Eaglaise trí Ghaeilge ar bun le linn Éigse na Tríonóide gach bliain. Bíonn cruinniú de chainteoirí Gaeilge ar siúl i mbialann an Choláiste 'An Bhutrach', atá dírithe go príomha ar an bhfoireann agus ar phobal na Gaeilge i gcoitinne.

Na Meáin Shóisialta: Bhí os cionn 800 leantóir ag cuntas Facebook Oifig na Gaeilge i Márta 2013, agus os cionn 600 leantóir ag an gcuntas Twitter.

Aontas na Mac Léinn: Tá Oifigeach Gaeilge ar Choiste Feidhmiúcháin Aontas na Mac Léinn, chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí an Aontais.

Naisc Sheachtracha agus Alumni: Cothaíonn Oifigeach na Gaeilge muintearas le pobal na Gaeilge taobh amuigh den Choláiste agus le heagraíochtaí Gaeilge chun cur le tiomantas Choláiste na Tríonóide d'idirghníomhú leis an tsochaí ar bhonn níos leithne. Comhoibríonn an tOifigeach le Fondúireacht na Tríonóide freisin chun na spriocanna seo a thabhairt chun críche.

3. Gealltanais faoi Scéim Teanga 2013-2016

3.1 Achoimre ar chuspóirí na Scéime

Is é aidhm na ngealltanais atá leagtha síos agus le cur i ngníomh le linn na tréimhse trí bliana go 31 Deireadh Fómhair 2016 cur leis an bhforáil a bunaíodh sa Chéad Scéim Teanga (2010-2012) trí sheirbhísí sonraithe a thairiscint do bhaill phobal an Choláiste agus don phobal i gcoitinne. Leagtar béim ar na céimeanna praiticiúla a fhéadfar a thógáil faoi shriantacht na n-acmhainní atá ar fáil chun feasacht agus infheictheacht na Gaeilge a chur chun cinn agus chun cur le deiseanna í a úsáid.

3.2 Seirbhísí Custaiméirí Díreacha

- Beidh an inniúlacht chun seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge mar riachtanas poist chun an chéad fholúntas foirne eile a líonadh san Oifig Fiosrúcháin.
- Tacóidh an bhainistíocht áitiúil sa Chlárlann Acadúil le hoiliúint agus le scileanna na foirne leis an aidhm go mbeidh aon bhall foirne amháin in acmhainn a gnó/ghnó a dhéanamh go héifeachtach i nGaeilge agus i mBéarla araon faoin 31 Bealtaine 2016.
- Beidh an inniúlacht chun seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge mar shaintréith inmhianaithe sa chritéar scórála earcaíochta ag an gcéad fholúntas foirne eile san Oifig Iostais.
- Cinnteoidh Seirbhís Oidí an Choláiste go ndéanfar iarracht oide le Gaeilge a chur ar fáil do mhic léinn a iarrann a leithéid go sonrach, ach dóthain oidí le go leor Gaeilge a bheith ar fáil agus toilteanach sa chuid chuí den Choláiste. An sprioc: deireadh bhliain a dó (17 Samhain 2015).
- Eiseofar cártaí aitheantais foirne Choláiste na Tríonóide (nua agus athsholáthair) go dátheangach ó dheireadh bhliain a dó (17 Samhain 2015).
- Oslófar Searmanais Chéimithe le beannú as Gaeilge. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Déanfaidh Oifig na Gaeilge agus Oifig an Leas-Uachtaráin le haghaidh Caidreamh Domhanda féidearthachtaí a fhiosrú le haghaidh comhoibriú torthúil atá dírithe ar thréimhse seisiún tionscnaimh na mac léinn idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn chun staidéar a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide a fheabhsú ar feadh achar na Scéime (2013-2016).
- Forbróidh Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide, i bpáirt le hOifig na Gaeilge, Turas Ealaíne Campais le rannpháirtíocht na mac léinn atá páirteach i Scéim Chónaithe Gaeilge an Choláiste ó Dheireadh Fómhair 2015 amach. Soláthrófar dhá thuras le linn na bliana acadúla, ceann le linn sheachtain Scéime Fruilithe Ealaíne Dhánlann an Choláiste (Téarma na Féile Michíl) agus an dara turas le linn sheachtain Éigse na Tríonóide (Téarma na Féile Bríde).

3.3 Seirbhísí Idirghníomhacha

- Faoi réir ag dul chun cinn sásúil a bheith déanta ar sheachadadh príomhfheidhmiúlachta chun tacú le gnéithe criticiúla maidir le saolré an mhic léinn sa tionscadal GeneSIS i ndáil leis an gCóras Faisnéise Mac Léinn agus bunachar sonraí, beidh an rogha ar fáil do na mic léinn ar fad rollú agus clárú trí Ghaeilge faoin 31 Bealtaine 2016.
- Faoi réir ag infhaighteacht shásúil ar acmhainní le haghaidh forbairt gréasáin, beidh suíomh gréasáin na Clárlainne Acadúla dátheangach faoin 31 Bealtaine 2015.
- Beidh an rogha ag léitheoirí ar cuairt iarratas ar Thicéad Léitheora le haghaidh Leabharlann Choláiste na Tríonóide a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla ó shuíomh gréasáin na Leabharlainne, faoi dheireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Beidh téacs caighdeánach i nGaeilge agus i mBéarla araon ar thicéid Fhadtéarmacha Léitheora Cuairte faoi lár bhliain a haon (Bealtaine 2014).
- Cuirfidh Bailiúchán Ealaíne Choláiste na Tríonóide a fhoras Ealaíne Campais Fón Cliste ar fáil i nGaeilge faoin 17 Samhain 2014.

3.4 Suíomhanna gréasáin, Cumarsáid agus na Meáin

- Geallann Coláiste na Tríonóide leathanach amháin ar a laghad a chur leis na suíomhanna gréasáin Gaeilge atá ar fáil faoi láthair ar fud an Choláiste (faoin 17 Samhain 2016).
- Cinnteoidh Coláiste na Tríonóide go mbeidh fógraí cainéil meáin shóisialta i nGaeilge i ndáil le príomhnuacht Gaeilge agus príomhimeachtaí Gaeilge sa Choláiste, agus naisc iontu le preaseisiúintí eisithe i nGaeilge. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Cinnteoidh Coláiste na Tríonóide go mbeidh 5% den aschur ar chláir fógraí leictreonacha an Choláiste dátheangach. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Beidh liosta de na baill foirne a bheidh sásta a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar fáil ar shuíomh Oifig na Gaeilge.
- Ainmneofar urlabhraí le haghaidh na Meán Gaeilge sna preaseisiúintí Gaeilge, má bhíonn a leithéid ar fáil. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).

3.5 Foirmeacha, foilseacháin agus ábhar clóite

- Beidh cóip den leabhrán a dháiltear ag searmanais chéimithe (a reáchtáiltear trí Laidin go hiondúil) ar fáil i nGaeilge ach iad a iarraidh ar bhaill foirne an Choláiste ar dualgas ag an searmanas. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Beidh aistriúchán Gaeilge d'óráid an Chláraitheora ag na searmanais chéimithe ar fáil i gcló ach iad a iarraidh ar bhaill foirne an Choláiste ar dualgas ag an searmanas. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Tá Coláiste na Tríonóide tiomnaithe d'eisiúint cuirí clóite an Choláiste i nGaeilge agus i mBéarla. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).

3.6 Teicneolaíocht Faisnéise

- Tá Coláiste na Tríonóide tiomnaithe do pholasáí go mbeidh sínithe ríomhphoist caighdeánacha an Choláiste ar fad dátheangach agus, sa chás go bhfuil ball foirne sásta déileáil le ceisteanna i nGaeilge, go léireofar sin tríd an líne 'Fáilte romhat do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge liom'. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).

3.7 Earcaíocht foirne, Ionduchtú agus Oiliúint i nGaeilge

- Áireofar eolas i ndáil leis an nGaeilge maidir le comhlíonadh dlíthiúil, lena háit i saol an Choláiste (de réir ráitis i Reachtanna na hOllscoile agus sa Phlean Straitéiseach) agus le seirbhísí atá ar fáil do phobal an Choláiste san fhaisnéis Earcaíochta Foirne le haghaidh foirne nua ó dheireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Áireofar eolas comhchosúil ar shuíomh gréasáin na nAcmhainní Daonna faoin mír 'Ag tosú sa Choláiste/Eolas Ginearálta' le haghaidh foirne nua ó dheireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi na hacmhainní seo ag Seisiúin Ionduchtú Foirne an Choláiste ó dheireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).
- Faoi réir ag acmhainní atá ar fáil, tá Coláiste na Tríonóide tiomnaithe do leagan Gaeilge den Fhoirm Monatóireachta Comhionannais Earcaíochta a chur ar fáil faoin 17 Samhain 2014.
- Leanfar le soláthar na ranganna Gaeilge ag réimse leibhéal, saor ó tháille, do mhic léinn agus do bhaill foirne, lena n-áirítear baill foirne ar scor.

3.8 Scéimeanna Cónaitheacha Gaeilge

- Tá Scéim Chónaithe Gaeilge i bhfeidhm ar an gcampas le haghaidh mic léinn atá ag leanúint sa Choláiste, i bpáirt le Coiste na Gaeilge agus le hOifigeach na Gaeilge. Is féidir bheith ag súil leis go leanfar leis an Scéim Chónaithe seo ar feadh tréimhse na Scéime Teanga, faoi réir ag comhaontú idir Cláráitheoir na Seomraí, An Oifig Iostais agus Oifigeach na Gaeilge agus faoi réir ag na socrúithe riartha a chomhaontaítear go bliantúil. Roghnófar na mic léinn a ghlacann páirt sa Scéim trí phróiseas iomaíoch, agus gheobhaidh siad deontas ó Choiste na Gaeilge, ach coinníollacha faoi leith a chomhlíonadh (a leanann ar aghaidh).
- A dhála sin, tá Scéim Chónaithe Gaeilge i bhfeidhm ag Halla na Tríonóide le haghaidh mic léinn sa Choláiste i bpáirt le Coiste na Gaeilge agus le hOifigeach na Gaeilge. D'fhéadfaí go leanfar ar aghaidh leis ar feadh tréimhse na Scéime Teanga atá faoi réir ag comhaontú idir Mhaor Halla na Tríonóide, An Oifig Iostais agus Oifigeach na Gaeilge. D'fhéadfaí go mbeadh 12 áit ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana agus 6 háit ar fáil do mhic léinn an dara bliain. Roghnófar 18 mhac léinn trí phróiseas iomaíoch, agus i bhfáil deontais ó Choiste na Gaeilge, faoi réir ag comhlíonadh coinníollacha faoi leith (a leanann ar aghaidh).
- Cuirfear tithíocht ar fáil i mbloc ar leith do mhic léinn eile ag Halla na Tríonóide a léiríonn suim sa Ghaeilge nuair is indéanta.
- As an líon iomlán mac léinn atá rannpháirteach i scéimeanna cónaitheacha Gaeilge Choláiste na Tríonóide in aon bhliain faoi leith, féadfar 5 áit a leithdháileadh ar mhic léinn a bhí páirteach sna scéimeanna cheana.

3.9 Polasaí na Gaeilge

- Cuirfear Ráiteas Foirmiúil ar Pholasaí Gaeilge Choláiste na Tríonóide faoi bhráid an Bhoird le faomhadh. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).

3.10 Gradaim na Gaeilge

- Cuirfear i bhfeidhm clár ina mbronnfar duaiseanna chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtáil an mhic léinn agus baill foirne i réimse na Gaeilge, lena n-áirítear soláthar seirbhísí. An sprioc: deireadh bhliain a haon (17 Samhain 2014).

3.11 Seomra na Gaeilge

- Geallann Coláiste na Tríonóide, faoi réir ag fianaise shásúil leanúnach go bhfuil an seomra á úsáid, go mbeidh Seomra na Gaeilge ar fáil mar ionad sóisialta agus comhrá trí Ghaeilge do phobal an Choláiste.

4. Cur i ngníomh agus Monatóireacht na Scéime

Idirbheartóidh Oifigeach na Gaeilge na pleananna feidhmithe ar bhonn bliantúil le gach réimse nó roinn a thugann gealltanais faoin scéim seo. Beidh cruinnithe ag Grúpa Forfheidhmithe Acht na dTeangacha Oifigiúla, ag feidhmiú faoi choimirce Choiste na Gaeilge, faoi dhó sa bhliain le hathbhreithniú a dhéanamh maidir le feidhmiú na gcuspóirí foriomlána a comhaontaíodh. Tabharfaidh an Grúpa Forfheidhmithe tuairisc do Choiste na Gaeilge ag deireadh gach bliana le linn tréimhse oibriúcháin na scéime seo, agus tabharfaidh Coiste na Gaeilge tuairisc don Bhord maidir le cloí leis an scéim. Comhoibreoidh an Grúpa Forfheidhmithe le hOifig an Choimisinéara Teanga chomh maith.

5. An Scéim a Phoibliú

Déanfar ábhar na scéime seo, agus na gealltanais a tugadh a phoibliú agus a chur faoi bhráid an phobail, trí na modhanna seo:-

- Preaseisiúint.
- Seoladh oifigiúil na scéime.
- Fógraíocht ar na forálacha.
- Ciorclaíocht chuig na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí iomchuí.
- Suíomhanna gréasáin.

Ina theannta sin, a luaithe agus a bheidh na ranna agus na hoifigí a thug gealltanais chun seirbhís a sholáthar in acmhainn sin a dhéanamh, cuirfear an t-eolas in iúl go soiléir. Tapóidh Coláiste na Tríonóide gach deis inár n-idirghníomhú lenár gcustaiméirí ó lá go lá chun na seirbhísí a sholáthraíonn muid trí Ghaeilge a phoibliú agus a chur chun cinn trí na modhanna seo a leanas:

- Custaiméirí a chur ar an eolas ar bhunús réamhghníomhach faoin rogha chun déileáil linn trí Ghaeilge, trí fhógraí a thaispeáint ag na hionaid fáiltithe a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- Liosta de na seirbhísí a chur ar fáil ar an suíomh gréasáin;
- Léiriú ar threoirínte, ar dháileáin agus ar fhoirmeacha iarratais faoi leith go bhfuil leagan Gaeilge de na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- An tsuntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Tá cóip den scéim seo seolta ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é an leagan Béarla bunleagan na scéime seo.

